



Feidhmeannach Soláthair & Riosca Maoine Conradh - Saoire Máithreachais

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh ag clúdach saoire máithreachas, post ar chonradh, a bheidh ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann dhíograiseach sa Rannóg Maoine. Táthar ag lorg duine cumasach agus tiomanta a bhéas freagrach as tacú leis an foireann maoine chun tionscadail a sheachadadh go rathúil (uasghrádú agus tógáil nua) agus riosca a bhainistiú. A chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil don foireann maoine chun cinntiú go bhfaightear luach ar airgead ar gach tionscadail agus go gcloítear le na treoirlínte soláthair phoiblí go léir. Straitéis soláthair agus socruithe tairisceana a chinntiú, na bealaí is iomchuí chun an tionscadal a thógáil. Tuairisciú agus tacaíocht lárnach mar chuid den ról.

Dualgais

- Doiciméid tairisceana a ullmhú agus próisis tairisceana a reáchtáil ar Etenders/OJEU/bealaí eile de réir mar is gá do chonarthaí na Rannóige maidir le tograí atá faoina fhreagracht.
- Rioscaí a shainiú, a anailísiú agus a mhaolú.
- Beartas rialaithe airgeadais a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Bainistiú íocaíochta — doiciméid chonartha a ullmhú.
- Feasacht a choinneáil ar na conarthaí tógála éagsúla atá in úsáid faoi láthair.
- Comhairle a chur ar fáil agus a bhailiú ó chomhairleoirí maidir le hullmhú doiciméad tairisceana agus conartha agus tuairisciú rialta a sholáthar.
- Meastóireacht ar ullmhú an chaiteachais mhíosúil, eatramhaigh agus deiridh (caiteachas caipitil & reatha).
- Cabhrú leis an bhFoireann Maoine rialú costais a chinntiú le linn shaolré gach tionscadail.
- Treoirlínte agus clár oiliúna a chur ar fáil de réir mar is gá maidir le soláthar, riosca, dea-chleachtas etc.
- Rioscaí, réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid, bainistíocht luacha agus rialú costais a dhéanamh le linn na tógála.
- Cuntais Críoch Réamhaisnéise atá cruinn agus cothrom le dáta a chothabháil.
- A chinntiú go ndéantar comhairleoirí, conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí eile a fhostú, a stiúradh agus a bhainistiú, i gcomhréir le rialacha agus rialacha an Údaráis maidir le Soláthar Poiblí. Ag chinntiú go gcloítear leis na Rialacha Soláthair Phoiblí i gcónaí.
- Doiciméadú cuimsitheach tionscadail a chruthú agus a chothabháil (go leictreonach), cinntiú an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ITC agus samhlacha seachadta nua.

Bheadh na tréithe a leanas ag sáirarrthóir ar an bpost:

- Taithí fhairsing agus scileanna iomchuí i réimsí bainistiú maoine, dtógáil, costais tógála agus soláthar poiblí,
- Taithí meastacháin tógála ina bhuntáiste,
- Scileanna láidre anailíse agus smaointeoireachta criticiúla,
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta ar nós MS Word, Excel, Teams, Outlook. Eolas faoi One Drive agus Sharepoint ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach,
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh é seo ag clúdach saoire máithreachas. Tá scála tuarastail ag grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €53,955 - €67,951 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

Tá tuilleadh eolais le fáil sa leabhrán eolais ag <http://www.udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/poist-ar-fail>

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar 6 Deireadh Fómhair 2023**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge
teanga oibre na heagraíochta.*